Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2018
(OR. en)

13448/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0084 (NLE)**

**VISA 281**
**COLAC 87**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna |

**CINNEADH (AE) 2018/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 77(2), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an …(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Comhaontú a chaibidil le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna (‘an Comhaontú’).

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/… ón gComhairle[1+], síníodh an Comhaontú an ... [++], faoi réir a thabhairt i gcrích.

---

[1] Cinneadh (AE) 2018/... ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna (IO ...).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an chinnidh a leagtar amach in ST 13447/18 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe.

(3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.[+]

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chomhaontú[1].

---

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, an téacs seo a leanas ar an leathanach den leagan GA den IO a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an Comhaontú á fhoilsiú sna teangacha eile: "Ní hann do théacs an Chomhaontaithe sa Ghaeilge.".

[1] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---